

Is é cuspóir an doiciméid seo cuidiú le tuismitheoirí nach é an Béarla teanga dhúchais a gcuid páistí nó a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar Ghaelscoil. Is féidir fosta cuidiú a iarraidh ar an Phríomhoide Bunscoile, ó Scoil Ghramadaí áitiúil de chuid AQE nó ó oifig AQE (90224002).

An Measúnú Comónta Iontrála

1. Cad é an rud é an Measúnú Comónta Iontrála (MCI)?

Is é an MCI an modh measúnachta a úsáideann 34 scoil ghramadaí le daltaí a roghnú dá gcuid scoileanna.

2. Cé na daoine ar chóir dóibh iarratas a chur isteach ar an MCI?

Beidh ar gach duine ar mian leo áit a fháil i gceann de na 34 scoil ghramadaí a liostaítear ar an suíomh idirlín an MCI a shuí.

3. Cá huair ba chóir dom mo pháiste a chlárú?

Má tá do pháiste le tosú i Rang 7 i Meán Fómhair 2016, is féidir é/í a chlárú faoi choinne an MCI. Is féidir Foirmeacha Clárúcháin a chur chuig AQE ó **1ú Bealtaine 2016** (le linn do do pháiste bheith i Rang a Sé) **go dtí 9ú Meán Fómhair 2016** (le linn do do pháiste bheith i Rang a Seacht). Níl i gceist leis an iarratas ach na socruithe leis na measúnuithe a shuí; níos moille sa bhliain, i mí Feabhra, beidh faill agat bualadh le do Phríomhoide Bunscoile leis an scoil is fearr dara leibhéal a roghnú do do pháiste.

Na Páipéir Mheasúnaithe

1. Cad é an fhormáid atá ag MCI?

Tá an MCI bunaithe ar thrí mheasúnú uair an chloig ina scrúdaítear na gnéithe Matamaitice agus Gaeilge den churaclam reatha bunscoile. Déantar na measúnuithe seo ar thrí mhaidin Sathairn: 12 agus 26 Samhain 2016 agus 3/12/2016.

2. An gcaithfidh mo pháiste na trí mheasúnú uile a dhéanamh?

Ní chaithfidh. Glactar an toradh ón dá scór is fearr agus, mar sin de, ní gá ach dhá mheasúnú a dhéanamh. Mar sin féin, molaimid go treán go dtapaíonn iarratasóirí an deis leis na trí pháipéar a dhéanamh, rud a dhéanann a bhformhór mór.

3. Cad é go díreach atá sna measúnuithe?

Tá 58 ceist agus 64 marc ar gach páipéar. Tá 32 marc ag dul don Ghaeilge agus 32 marc don Mhata.

An bhfuil cuidiú ar bith ar fáil má tá deacracht foghlama ag mo pháiste?

1. Tá deacracht foghlama ag mo pháiste, an féidir cuidiú a fháil le linn na measúnuithe?

Is féidir. Úsáidtear an focal ‘míchumas’ a dtagraítear dó i Rannán B den fhoirm chlárúcháin le réimse leathan riochtaí a chumhdach. Mar a luadh cheana, ba chóir tic a chur sa bhosca a bhaineann le míchumas ar an Fhoirm Chlárúcháin.

2. Cén fhianaise ba chóir dom a chur?

Ba chóir fianaise ar bith a thacaíonn le d’achainí a chur. Is féidir go n-áirítear leis seo, nuair is cuí:

- Aon fhianaise mhíochaine
- Fianaise oideachais ó shíceolaí oideachais (Eochairchéim 2)
- Fianaise ón bhunscoil faoi ghnáthmhodh oibre an dalta.

3. Níl tuairisc Síceolaí Oideachais ó Eochairchéim 2 agam. Cad é eile a thig liom a chur ar fáil mar fhianaise?

Glacfar le tuairiscí ó Shíceolaí neamhspleách nó le tuairisc Síceolaí Oideachais ó Eochairchéim 1, ach beidh tacaíocht láidir de dhíth ort ó do Bhunscoil le gnáthmhodh oibre an pháiste sa seomra ranga a léiriú.

4. An gcaithfidh mo pháiste na measúnuithe a shuí má tá Ráiteas Sainriachtanais Oideachais aige/aici? Ní gá do pháiste a bhfuil Ráiteas Sainriachtanais Oideachais aige/aici an MCI a shuí agus tugtar áit dóibh san iar-bhunscolaíocht trí ghnáthamh reachtúil eile.

An Fhoirm Chlárúcháin a Chomhlánú

1. Cá háit a dtig liom an Fhoirm Chlárúcháin a fháil?

Tig leat Foirm Chlárúcháin a fháil ó shuíomh idirlín AQE (faoi *Registration Forms*), ó Scoil Ghramadaí de chuid AQE nó ó oifig AQE. Beidh na foirmeacha ar fáil ón **Chéadaoin 1 Bealtaine 2016**.

2. An bhfuil táille i gceist don MCI?

Tá. Tá táille **£48 an t-iarratasóir** i gceist a chumhdaíonn na trí mheasúnú uile. Ní chaithfear an táille a íoc má tá do pháiste i dteideal Béilí Saora Scoile, a fhad is go gcuirfear fianaise i leith na teidlíochta seo leis an Fhoirm Chlárúcháin (.i. do litir dheimhnithe ó do Bhord Oideachais agus Leabharlann).

3. Níl an litir ó mo Bhord Oideachais agus Leabharlann a dheimhníonn teidlíocht mo pháiste ar Bhéilí Saora Scoile agam. An dtig liom rud ar bith eile a chur ina háit?

Déan teagmháil le do Bhord Oideachais agus Leabharlann a fháil amach an féidir cóip a chur chugat. Mura féidir, ghlacfaí le litir dheimhnithe ó do Bhunscoil.

4. Ní thig liom teacht ar theastas breithe mo pháiste; an bhfuil cineál ar bith eile aitheantais inghlactha?

Iarraimid fótachóipeanna den leagan gairid nó fada de theastas breithe/uchtaithe. Mura bhfuil sé seo ar fáil, glacfar le fótachóip de leathanach cúil pas.

5. An gcuirfidh mé doiciméid bhunaidh (m.sh. teastas breithe nó litir Béilí Saora Scoile)?

Ná cuir. Ní chuirtear doiciméid ar ais. Cuir fótachóipeanna, le do thoil.

6. Cén cineál grianghraf ba chóir dom a chur leis an Fhoirm Chlárúcháin?

Ba chóir trí ghrianghraf **combhionann** dar méid pas a chur.

7. Ar chóir dom na grianghraif a ghreamú den Fhoirm Chlárúcháin?

Ba chóir grianghraif a ghreamú le *pritt stick* nó a leithéid. Ba chóir ainm do pháiste a scríobh ar chúl gach grianghraf ar eagla go dtiteann siad den fhoirm.

8. Cén scoil ba chóir dom a roghnú do mo pháiste leis na measúnuithe a shuí?

Ba chóir duit cibé scoil de na 34 scoil ghramadaí is fusa duit a bhaint amach maidin na measúnuithe a roghnú; ba mhaith fosta dá rachadh do pháiste chuig an ionad céanna a dtéann a c(h)uid cairde.

9. An gá gurb ionann an scoil a roghnaítear do mo pháiste leis an mheasúnú a dhéanamh agus an scoil ina mbeimid ag iarraidh áit a fháil?

Ní gá. Ní bhaineann an scoil a roghnaíonn tú ach leis na measúnuithe a dhéanamh. Nuair a bheidh an measúnú thart, is féidir iarratas a chur chuig scoil ar bith eile de chuid AQE. Cuirtear iarratais isteach ar scoileanna i mí Feabhra trí na Boird Oideachais agus Leabharlann. Tabharfaidh do Phríomhoide Bunscoile tuilleadh eolais ar an phróiseas iarratais.

10. An dtig liom bheith cinnte go bhfaighidh mé mo rogha scoile leis na measúnuithe a dhéanamh?

Is ar bhonn ‘is é is túisce a thagann, is túisce a fhaigheann’ a chuirtear áiteanna ar fáil. I bhformhór mór gach cás, faigheann tuismitheoirí an chéad rogha acu ach má tá do chéad rogha lán, tugaimid an dara rogha duit.

11. Níl mé cinnte go fóill faoin dóigh leis an fhoirm iarratais a chomhlánú.

Má tá fadhbanna agat, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le hOifig AQE láithreach.

Cúinsí ar Leith agus Soláthar ar Leith

1. Má shuigh mo pháiste na measúnuithe ach go ndeachaigh cúinsí pearsanta i bhfeidhm ar a g(h)nóthachtáil, cad é ba chóir dom a dhéanamh?

I ndiaidh do do pháiste an measúnú a shuí, ba chóir duit foirm SC 16 a chomhlánú agus a iarraidh go gceanglófar í chomh maith le haon fhianaise de d’fhoirm iarratais nuair a bheidh d’Agallamh Aistrithe agat le do Phríomhoide Bunscoile go luath i mí Feabhra.

Tá tuilleadh eolais ar ár suíomh idirlín sa rannán: [Access, Special Circumstances and Special Provision](#).

2. Cá háit a dtig liom Foirm SC 16 a fháil?

Beidh SC 16 ar fáil ó mhí na Samhna 2016. Coinnítear foirm na bliana roimhe (SC 15) ar an suíomh idirlín díreach chun an fhoirm a léiriú. Is féidir SC 16 a fháil ónár suíomh idirlín nó ó scoil ghramadaí ar bith de chuid AQE. Mura féidir, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le hOifig AQE (02890224002) agus cuirfimid cóip chugat.

Laethanta Measúnaithe

1. Cad é mar a bheidh a fhios againn faoi na socrúithe a bhaineann leis na measúnúithe a shuí?

I ndiaidh duit an Fhoirm Chlárucháin a chur chugainn, cuirfear chugat cárta iontrála do mhic nó iníne. Ba chóir é seo a choinneáil in áit an-sábháilte. Ar an chárta seo beidh na mionsonraí faoi amanna na measúnúithe agus na rudaí a chaithfidh do pháiste a thabhairt leis/léi.

Caithfidh do pháiste an cárta seo a thabhairt chuig gach measúnú.

2. An dtig liom mo pháiste a thabhairt liom go bhfeicfidh sé/sí an áit a mbeidh siad ag déanamh na measúnúithe?

Déanfaidh an scoil ghramadaí teagmháil leat faoi Lá nó Tráthnóna ‘Cur in Aithne’ roimh na measúnúithe.

3. An bhfuil cead ag tuismitheoirí fanacht ar an láthair le linn na measúnúithe?

Tá nósanna éagsúla ag scoileanna faoi seo. Tabharfaidh an scoil ghramadaí eolas faoi seo roimh na measúnúithe.

4. Cuir i gcás go bhfuil mo pháiste tinn lá measúnaithe. Cad é ba chóir dom a dhéanamh?

Ná déan aon rud i dtobainne. Ní gá do pháistí ach dhá cheann de na trí pháipéar a shuí le toradh a fháil. Cuireann sé seo tinnis nó ‘drochlá’ san áireamh.

Marcáil agus Torthaí

1. Cá huair a thagann na torthaí amach?

28/1/2017.

2. Cé eile a fhaigheann cóip de thoradh mo pháiste?

Faigheann bunscoil do pháiste cóip den toradh.

3. Cén dóigh a gcuirtear an toradh i láthair?

Is scór caighdeánaithe é an toradh, slánuimhir idir 55 agus 145 agus is é 100 an meán. 129 an scór ab airde anuraidh. Ní úsáidfear gráid.

4. Cad é mar a bheidh a fhios agam an bhfuil toradh mo mhic/iníne maith go leor le háit a fháil sa scoil is fearr leis/léi?

Ba chóir do thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leis an scoil atá i gceist lena fháil amach cén scór ab ísle ar ghlac siad leis i mblianta eile. Cé nach ionann iad seo ó bhliain go bliain, d’fhéadfaí gur mhaith an treoir iad.

5. An féidir athmharcáil pháipéar mo pháiste a iarraidh mura bhfuil mé sásta leis an toradh?

Is féidir, tá próiseas athmharcála ann. Cuirfear thú ar eolas faoi seo nuair a chuirfear an toradh amach.

6. Cá huair a gheobhaidh mé amach cén scoil a ghlacfaidh le mo pháiste?

Ní ó AQE a thagann an t-eolas seo ach ó do Bhord Oideachais agus Leabharlann ag deireadh mhí na Bealtaine.